

Gaeilge 24

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bhfeachtas *Gaeilge 24*. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. á reáchtáil
2. dúshlán
3. seó tallainne
4. le daoine óga a spreagadh
5. an Ghaeilge a normalú
6. fíorúil
7. folláine
8. ard-déine
9. fiúntas na Gaeilge



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach:

1. Is é Conradh na Gaeilge atá ag reáchtáil an imeachta.
2. Tá Scoil Náisiúnta an tSraitha Mhóir i gContae an Dúin.
3. 300 scoil agus 1,500 dalta a bhí páirteach sa lá.
4. Bunaíodh Conradh na Gaeilge ocht mbliana ó shin.
5. Cuidíonn *Gaeilge 24* leis an nGaeilge a normalú i saol na ndaltaí, dar le hAodhán Ó Deá.
6. Is féidir ranganna ióga a dhéanamh ar líne.
7. Léirigh torthaí an tsuirbhé anuraidh gur theip ar an imeacht daoine óga a spreagadh chun Gaeilge a labhairt.

Ceist 3 ‘...an t-ochtú bliain...’

1. Scríobh amach na horduimhreacha ó 1 – 10 i bhfocail.
2. Cuir na hainmfhocail ‘bliain’ agus ‘urlár’ tar éis gach ceann acu ansin.

Ceist 4 *Gaeilge 24*

Samhlaígh gur múinteoirí bunscoile sibh agus tá sibh chun lá *Gaeilge 24* a eagrú. Tugaigh faoi na tascanna seo le chéile:

1. Leagaigh amach clár ama don lá le go leor rudaí éagsúla a bheith ag tarlú sa scoil as Gaeilge. Ná déanaigh dearmad go bhfuil béim ar an bhfolláine i mbliana.
2. Dearaigh póstaer don lá.

Ceist 5 ‘...an t-aiseolas...’ ach ‘...an ócáid...’

Cén fáth a bhfuil ‘t’ agus fleiscín roimh cheann acu agus nach bhfuil roimh an gceann eile? Pléigh an scéal leis an duine in aice leat.

An dtugann sibh patrún faoi deara sna samplaí thíos?

an t-aiseolas (firinscneach)	an ócáid (baininscneach)
an t-uisce (firinscneach)	an ordóg (baininscneach)

Cuirigh an patrún i bhfeidhm ar na focail seo a leanas.

asal	_____
athrú	_____
aiste	_____
íocaíocht	_____
oscailt	_____
áit	_____
imeacht	_____
údarás	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cé leis a labhraíonn tú féin Gaeilge?
2. Cad a cheapann tú faoin bhfeachtas *Gaeilge 24*? Cén fáth?
3. Cén fáth ar roghnaíodh an téama ‘folláine’ i mbliana, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

being run/organised – á reáchtáil
challenge – dúshlán
talent show – seó tallainne
to encourage young people – le daoine óga a spreagadh
to normalise Irish – an Ghaeilge a normalú
virtual – fíorúil
wellbeing – folláine
high-intensity – ard-déine
the value, worth of Irish – fiúntas na Gaeilge

Ceist 2

1. Fíor.
2. Bréagach. Tá sí i gContae Dhún na nGall.
3. Bréagach. 300 scoil agus 15,000 dalta a bhí páirteach ann.
4. Bréagach. Cuireadh tús leis an imeacht *Gaeilge 24* ocht mbliana ó shin.
5. Fíor.
6. Fíor.
7. Bréagach. Léirigh an suirbhé go gcuireann na himeachtaí le fiúntas na Gaeilge i saol na ndaltaí.

Ceist 3

	bliain	urlár
An chéad	bhliain	urlár
An dara	bliain	hurlár
An tríú	bliain	hurlár
An ceathrú	bliain	hurlár
An cúigiú	bliain	hurlár
An séú	bliain	hurlár
An seachtú	bliain	hurlár
An t-ochtú	bliain	hurlár
An naoú	bliain	hurlár
An deichiú	bliain	hurlár

Ceist 4

Cuir gach clár ama agus póstaer i gcomparáid le chéile agus pléigh na himeachtaí ar fad leis an rang iomlán.

Ceist 5

Tá an t-ainmfhocal ‘aiseolas’ firinsneach agus sin an fáth a bhfuil ‘t’ agus fleiscín roimhe nuair a thagann an t-alt ‘an’ roimhe sa tuiseal ainmneach uatha.
Tá an t-ainmfhocal ‘ócáid’ baininsneach agus dá bhrí sin ní bhíonn ‘t’ agus fleiscín roimhe nuair a thagann an t-alt ‘an’ roimhe sa tuiseal ainmneach uatha.

an t-asal
an t-athrú
an aiste
an íocaíocht
an oscailt
an áit
an t-imeacht
an t-údarás

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois, inniu an t-ochtú bliain go bhfuil an feachtas *Gaeilge 24* á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge. Tá 300 scoil agus 15,000 dalta páirteach sa dúshlán Gaolainne¹ gan stad inniu. Tá sé mar aidhm aige daoine óga a spreagadh chun an teanga a labhairt ar feadh lá iomlán.

Dalta 1 – Scoil an tSratha Mhóir ... mar tá muid fíorbhródúil as ár gcultúr agus an teanga dhúchais

Dalta 2 – Bhí bricfeasta Gaeilge ag an scoil iomlán.

Dalta 3 – Bhí seó tallainne agus tráth na gceist againn chomh maith

Ailbhe Ó Monacháin

Páistí as Scoil Náisiúnta an tSratha Mhóir i Mín an Lábáin i gCo Dhún na nGall agus iad sa chlós inniu ag ócáid de chuid *Gaeilge 24*. Tá na páistí seo agus 15,000 eile páirteach in imeachtaí éagsúla sa dúshlán bliantúil seo, atá Conradh na Gaeilge á reáchtáil le hocht mbliana anois, le daoine óga a spreagadh leis an teanga a úsáid ar feadh lá iomlán.

Aodhán Ó Deá, Stiúrthóir Forbartha & Leas-Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge

Tá *Gaeilge 24* ag fás ó bhliain go bliain agus is dócha an fáth leis, go ndéanann sé an Ghaeilge a normalú taobh amuigh den seomra ranga. Tugann sé deis do na daltaí agus do na 15,000 atá ag glacadh páirte i mbliana, an Ghaeilge a úsáid ní hamháin sa seomra ranga ach i ngach uile rang sa scoil, agus taobh amuigh den scoil lena dteaghlaigh agus lena gcairde. Is breá leis na múinteoirí agus is breá leis na daltaí an deis sin an Ghaeilge a normalú.

Ailbhe Ó Monacháin

Cosúil le hócáid ar bith a tharraingíonn scaifte² mór daoine, tá an ócáid difriúil i mbliana. Tá cuid mhaith de na himeachtaí fíorúil, ar líne, ar Zoom agus béim i mbliana ar an fholláine. I measc na n-ócáidí tá ranganna ióga, ranganna machnaimh, seisiúin traenála ard-déine agus tráth na gceist.

Scaipeadh suirbhé faoi éifeacht an fheachtais seo anuraidh agus deir Conradh na Gaeilge gur léirigh an t-aiseolas go gcuireann na himeachtaí le fiúntas na Gaeilge i saol na ndaltaí agus go dtuigeann siad go bhfuil an teanga, ní hamháin acu féin ach ag daoine eile ar fud na tíre.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

¹ *Gaeilge* an leagan caighdeánach

² *scata* an leagan caighdeánach